tíortha nach bhfuil san Aontas agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, cé go bhfuil formhór na dtionscadal a bhaineann leis na cuspóirí oibríochtúla sin fós ar siúl.

I dtaca le heifeachtúlacht, ar an iomlán, laistigh de theorainneacha na sonraí a bhí ar fáil, léirítear leis an meastóireacht gur gnóthaíodh torthaí na hionstraime ar chostais réasúnacha i dtéarmaí acmhainní daonna agus airgeadais araon. Tá bearta náisiúnta éifeachtúlachta curtha i bhfeidhm ag roinnt Ballstát. Bíonn fadhbanna ag formhór na mBallstát, áfach, leis an treoir ón Aontas, le táscairí coiteanna agus leis an bhféilire tuairiscithe agus faireacháin. D'ainneoin feabhsuithe a bheith ann maidir le simpliú, féadfar a mheas gur bhain an t-ualach riaracháin an bonn den éifeachtúlacht.

Fuarthas gur tháinig simpliú as na nósanna imeachta le haghaidh na dtrí chiste (an Ciste Slándála Inmheánaí Póilíneacht, an Ciste Slándála Inmheánaí — an ionstraim um Theorainneacha agus Víosaí (ISF-BV) agus an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (CTIL). D'aithin na Ballstáit a d'úsáid an rogha shimplithe costais a éifeachtúla a bhí sí chun an t-ualach riaracháin a laghdú. Mar sin féin, níl ach spriocanna atá beartaithe i dtaca leis na bearta simplithe agus na bearta chun an t-ualach riaracháin a laghdú, níor gnóthaíodh na spriocanna sin ach go páirteach. In ainneoin na bhfeabhsuithe a rinneadh maidir le simpliú, is beag fianaise atá ann ag an gcéim seo ar laghdú suntasach ar an ualach riaracháin. Meastar go bhfuil bearta faireacháin, tuairiscithe agus rialaithe fós ródhian agus d'iarr na Ballstáit tuilleadh treorach maidir le cloí le ceanglais an Aontais. Tuairiscíodh freisin go raibh cuid de na ceanglais maidir le tuairisciú agus neamhábharthacht roinnt táscairí ag cur leis an ualach riaracháin.

Tá cuspóirí agus réasúnaíocht bhunaidh an Chiste **ábhartha** fós tar éis na géarchéime imirce agus slándála. Cuireadh meicníochtaí iomchuí i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais athraitheacha ag na céimeanna clárúcháin agus cur chun feidhme araon. Maidir leis an tsolúbthacht a bhaineann leis an ionstraim (an fhéidearthacht cistiú a aistriú idir cuspóirí) chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais athraitheacha; bheadh na Ballstáit buíoch, áfach, as an tsolúbthacht níos mó fós a thiocfadh as an líon cuspóirí a laghdú agus deireadh a chur le híosleibhéil leithdháileacháin in aghaidh an chuspóra.

Meastar go bhfuil an ionstraim **comhleanúnach** agus go bhfuil a chuspóirí **comhlántach** le bearta náisiúnta eile. Rinneadh comhleanúnachas agus comhlántacht le hionstraimí maoinithe eile de chuid AE a áirithiú i gcéim an chlársceidealaithe. Cuireadh sásraí comhordaithe i bhfeidhm chun comhleanúnachas agus comhlántacht a áirithiú i gcéim an chur chun feidhme. Tá róil atá thar a bheith tábhachtach ag an gcoiste faireacháin agus ag na húdaráis fhreagracha maidir le comhleanúnachas a áirithiú. Bhí modhanna éagsúla cur chun feidhme comhlántach go frithpháirteach. Is cosúil go bhfuil deis éigin feabhsaithe ann maidir le gníomhaireachtaí AE agus le comhleanúnachas inmheánach, áfach, toisc nach bhfuil mórán feasachta ann i measc tairbhithe faoi ghníomhaíochtaí agus faoi thionscadail laistigh den chreat an Chiste Slándála Inmheánaí.

Tríd is tríd, chinntigh an ionstraim go bhfuil breisluach AE ag baint le feabhas a chur ar an gcomhar trasteorann, an malartú eolais agus an dea-chleachtas is fearr, muinín a bheith ag údaráis um fhorghníomhú an dlí as na Ballstáit agus príomhbheartais an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme (dea-éifeachtaí a bpróiseas). Chabhraigh sé freisin raon feidhme na ngníomhaíochtaí a leathnú amach agus cáilíocht na ngníomhaíochtaí a fheabhsú i dtéarmaí na hinfheistíochta i ngeall ar réimsí an-tosaíochta nó i réimsí atá thar a bheith speisialaithe. Trí threalamh úrscothach a cheannach, tá feabhas tagtha ar chumas na n-údarás náisiúnta sainidirghabhálacha a dhéanamh, agus raon feidhme níos leithne ag na

I réimse na slándála, tá ag méadú ar nádúr trasteorann na coireachta tromchúisí agus eagraithe, na sceimhlitheoireachta agus na mbagairtí eile a bhaineann leis an tslándáil. Tá comhar agus comhordú trasnáisiúnta idir údaráis forfheidhmithe dlí riachtanach chun na coireanna sin a chosc agus a throid go rathúil, mar shampla trí mhalartú faisnéise, imscrúduithe comhpháirteacha, teicneolaíochtaí idir-inoibritheacha agus measúnuithe coiteanna ar bhagairtí agus ar rioscaí. An tacaíocht airgeadais a sholáthraítear faoin Rialachán seo, cuirfidh sí go háirithe le neartú chumas na mBallstát agus an Aontais sna réimsí beartais sin, sa dóigh gur fearr a bheidh an tAontas in ann creat a sholáthar le haghaidh dhlúthpháirtíocht an Aontais agus ardán a sholáthar le haghaidh forbairt córas coiteann TF a bheidh mar bhun agus mar thaca ag na beartais sin.

Le déileáil le slándáil an Aontais, éilítear acmhainní agus cumas nach beag ar na Ballstáit. Cruthaítear barainneachtaí scála agus sineirgí mar thoradh ar fheabhsú ar chomhar agus ar chomhordú oibríochtúil a chuimsíonn comhthiomsú acmhainní i réimsí amhail oiliúint agus trealamh, rud a áirithíonn go mbaintear úsáid níos éifeachtaí as cistí poiblí agus a threisíonn dlúthpháirtíocht, muinín fhrithpháirteach agus comhroinnt freagrachta i measc na mBallstát i dtaca le comhbheartais an Aontais. Baineann sé sin go mór le hábhar i réimse na slándála, áit a bhfuil tacaíocht airgeadais le haghaidh gach cineáil oibríochta comhpháirtí trasteorann riachtanach chun comhar a fheabhsú idir póilíní, lucht custaim, gardaí teorann agus na húdaráis bhreithiúnacha.

Maidir le gné sheachtrach na ngnóthaí baile, is léir go méadóidh glacadh beart agus comhthiomsú acmhainní ar leibhéal an Aontais go suntasach tionchar an Aontais faoi mar atá riachtanach chun cur ina luí ar thríú tíortha plé leis an AE maidir leis na saincheisteanna sin a bhaineann le slándáil atá ina n-ábhar spéise go príomha don Aontas agus do na Ballstáit.

*1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile chosúil am a chuaigh thart*

Sa mheastóireacht eatramhach ar CSI-P don chlárthréimhse 2014-2020 agus sna meastóireachtaí *ex post* ar chistí don tréimhse 2007-2013 ('an choireacht a chosc agus a throid' (ISEC) agus 'cosc, ullmhacht agus bainistiú iarmhairtí i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus rioscaí eile a bhaineann le slándáil (CIPS)), fuarthas na torthaí a léirítear thíos. Is fiú a thabhairt ar aird go bhfuil CSI-P ar an gcéad chlár cistiúcháin de chuid an Aontais sa réimse sin le bheith curtha chun feidhme trí bhainistíocht chomhroinnte leis na Ballstáit; chuireadh an Coimisiún, agus an Coimisiún amháin, na cistí roimhe sin chun feidhme go díreach.

– Ábharthacht, scóip agus méid

Áirithíodh le scóip fhairsing an CSI-P reatha go raibh sé in ann tacú le cur chun feidhme na mbeart riachtanach ar leibhéal an Aontais i réimse na slándála. Bhí an tsolúbthacht a chuir an Ciste ar fáil (an deis cistiú a aistriú idir cuspóirí) ina cuidiú chun dul i ngleic leis an athrú ar riachtanais, ach b'áil leis na Ballstáit tuilleadh solúbthachta fós mar atá deireadh a chur le leithdháiltí íosta cistí do chuspóirí agus laghdú a dhéanamh ar líon na gcuspóirí náisiúnta. Thairis sin, le leithdháiltí seasta a shocraítear ag tú na clárthréimhse, ar bhonn sonraí staidrimh, ní chuirtear san áireamh na hathruithe a thagann ar riachtanais na mBallstát le linn na tréimhse cur chun feidhme. Agus tacaíocht airgeadais bhreise á soláthar le linn na clárthréimhse, ní fhágann an eochair dáileacháin a leagtar síos ag tús na clárthréimhse aon deis

solúbthachta ann, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht an Chiste.

- Éifeachtacht

Meastar go bhfuil an CSI-P reatha éifeachtach, agus go rannchuidíonn sé lena chuspóirí. Léirigh na meastóireachtaí gur fhág an meascán modhanna seachadta i réimsí na slándála, na himirce agus an bhainistithe teorainneacha go raibh bealach éifeachtach ann chun cuspóirí na gCistí a ghnóthú. Ba cheart an leagan amach iomlánaíoch atá ar na sásraí seachadta a choinneáil. Ar an taobh eile, tugann na meastóireachtaí le fios gur teorainn lena n-éifeachtacht í an easpa solúbthachta atá fós ann, easpa a gcaithfear cothromaíocht a aimsiú idir í agus an intuarthacht óir teastaíonn deimhneacht airgeadais agus deimhneacht dhlíthiúil ó údaráis na mBallstát agus ó na tairbhithe le gur féidir leo cur chun feidhme an Chiste a phleanáil feadh na clárthréimhse. Sa CSI-P reatha, níl aon chlúdach airgeadais le dáileadh ar na cláir náisiúnta faoi chuimsiú an athbhreithnithe meántéarma, rud a chuireann teorainn leis an deis cistiú breise a chur ar fáil do na cláir náisiúnta. Srian eile is ea nach féidir an t-athbhreithniú meántéarma a úsáid ach ag tráth réamhchinntithe den tréimhse cur chun feidhme. Léirigh géarchéim na himirce agus an méadú ar bhagairtí slándála san Aontas le blianta beaga anuas gur ghá solúbthacht a bheith ann ó thús na clárthréimhse amach le gur féidir gníomhú i ndáil le hathruithe ar an talamh. Tugadh ar aird sna meastóireachtaí eatramhacha freisin gur ghá loighic idirghabhála shoiléir a bheith ann, go méadófar ar an éifeachtacht dá mbeadh na cláir náisiúnta níos spriocdhírithe toisc go bhféadfaí tosaíocht a thabhairt do chuspóirí áirithe, agus go bhfuil sé tábhachtach córas iomlán faireacháin agus meastóireachta a bheith ann, i gcás na bainistíochta dírí agus na bainistíochta comhroinnte araon. Ós córas é sin a leagfar amach go luath sa phróiseas, áiritheoidh sé faireachán comhsheasmhach aonfhoirmeach ar dhul chun cinn agus ar éifeachtacht ón tús.

- Éifeachtúlacht (lena n-áirítear simpliú agus laghdú an ualaigh riaracháin)

Tá dul chun cinn i dtaca le simpliú na nósanna imeachta tugtha faoi deara ag na páirtithe leasmhara. Meastar go mbainfear tairbhe as bearta nuálacha (roghanna costais simplithe, clársceidealú ilbhliantúil). Trí rialacha coiteanna a leagan síos maidir le cur chun feidhme CTIL agus CSI neartaíodh na naisc idir bainistíocht na dtrí ionstraim chistiúcháin, rud a ghin an dlúthchomhar – agus an t-aontas i gcásanna áirithe – idir na heintitis a raibh cúram bhainistiú an dá chiste orthu.

Mar sin féin, measann na húdaráis riaracháin agus na tairbhithe araon fós go bhfuil an t-ualach riaracháin róthrom, rud a bhaineann an bonn ó éifeachtúlacht na gCistí. Mar shampla, cé gur féidir an t-ualach riaracháin a laghdú má úsáidtear rialacha incháilitheachta, bíonn na rialacha incháilitheachta a chuirtear i bhfeidhm róthrom ar uairibh. Ní bhaintear lánfheidhm as roghanna costais simplithe. Ina theannta sin, tá an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún sách trom ó thaobh sholáthar an chúnaimh éigeandála faoi bhainistíocht dhíreach de. Is éard atá i gceist ann sin comhaontú deontais mionsonraithe a leagan amach in achar gearr amach agus ceanglais ar na tairbhithe tuairisciú níos mionsonraithe a dhéanamh chuig an gCoimisiún (i gcomparáid leis an mbainistíocht chomhroinnte). Is ga leibhéal leordhóthanach cúnaimh theicniúil chun go mbeidh rath ar bhainistiú an Chiste agus le gur féidir tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh rochtain ar na Cistí a shimpliú do thairbhithe ionchasacha trí fhaisnéis faoi ghníomhaíochtaí agus faoi dheiseanna cistiúcháin a chur ar fáil. Thairis sin, níl aon sásra ag an CSI-P reatha a bhfuil sé mar aidhm leis feidhmíocht a fheabhsú, mar shampla, córas dreasachtaí a chuirfeadh

